



Tuarascáil maidir le Dearbhú Cáilíochta *Droichead* Eanáir 2018

An Chomhairle
Mhúinteoireachta



The Teaching Council

Clár an Ábhair

Gluais	2
Focal ón gCathaoirleach	4
1 Réamhrá	5
1.1 Cúlra maidir le Dearbhú Cáilíochta <i>Droichead</i> (DCD)	5
1.2 Cuspóir DCD	6
2 Roghnú Scoile	7
2.1 Anaithnid	7
3 Painéil Dearbhaithe Cáilíochta <i>Droichead</i>	12
3.1 Comhdhéanamh na bPainéal	12
3.2 Ullmhúchán do Phróiseas an DCD	12
4 An Próiseas do Dhearbhú Cáilíochta <i>Droichead</i>	13
4.1 Cuairteanna Scoile	13
5 Torthaí maidir le Dearbhú Cáilíochta <i>Droichead</i>	14
5.1 Ról an Phríomhoide	14
5.2 Roghnú agus Comhdhéanamh chomhaltaí FTG agus na ról atá i gceist	14
5.3 Ionchais <i>Droichead</i>	15
5.4 Critéar/Caighdeáin <i>Droichead</i>	15
5.5 Oiliúint agus Tacaíocht <i>Droichead</i>	16
5.6 Am Saor Ionduchtúcháin do <i>Droichead</i>	16
5.7 Breathnóireacht	17
5.8 Comhráite Gairmiúla	17
5.9 Taisce	18
5.10 Taifid	18
5.11 Forbairt Ghairmiúil Bhreise do MN'nna	19
6 Moltaí	20
6.1 Rannpháirtíocht an Phríomhoide ar an FTG	20
6.2 Roghnú agus ról an FTG	20
6.3 Ionchais <i>Droichead</i>	20
6.4 Critéar/Caighdeáin <i>Droichead</i>	20
6.5 Oiliúint agus Tacaíochtaí <i>Droichead</i>	21
6.6 Am Saor	21
6.7 Breathnóireacht	21
6.8 Taisce	21
6.9 Forbairt Ghairmiúil Bhreise do MN'nna	21
Aguisíní	22
Aguisín 1: Comhaltas Phainéal an DCD	22

Gluais

Comhlach

Is ionann comhlach agus múinteoir lánchláraithe atá i mbun cleachtais agus atá ina mheantóir/ina meantóir freisin ag a bhfuil taithí agus/nó éascaitheoir ceardlann ionductaithe, atá ainmnithe ag an gClár Náisiúnta Ionductúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) chun tacú le próiseas *Droichead* i scoileanna *Droichead*.

Contanam in oideachas múinteoirí

Déantar cur síos anseo ar na gníomhaíochtaí oideachais agus forbartha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a mbíonn múinteoirí rannpháirteach iontu mar fhoghlaiméoirí ar feadh an tsaoil i rith a ngairm bheatha múinteoireachta. Cuimsíonn sé oideachas tosaigh múinteoireachta, ionductúchán, luathfhorbairt ghairmiúil agus forbairt leanúnach ghairmiúil agus tacaíocht ghairme níos faide ar aghaidh ina saol gairmiúil.

Múinteoir Nuacháilithe (MN)

Tagraíonn sé seo do mhúinteoir a fhreastalaíonn ar choinníollacha na Comhairle i dtéarmaí cáilíochtaí, ach nach bhfuil cleachtas gairmiúil curtha isteach aige nó aici ar feadh na tréimhse is gá. Sa doiciméad seo, tagraíonn múinteoir nuacháilithe (MN) do gach múinteoir nuacháilithe atá ag cur tús lena ngairm bheatha múinteoireachta, nó múinteoir atá ag fillleadh ar an múinteoireacht tar éis tréimhse neamhláithreachta, beag beann ar dháta na cáilíochta.

Droichead

Is ionann *Droichead* agus creat lánpháirtithe maidir le hionductúchán gairme do mhúinteoirí nuacháilithe. Le *Droichead* tugtar aitheantas don éifeachtúlacht a bhaineann leis na cláir athcheaptha i ndáil le hoideachas tosaigh múinteoirí agus go háirithe maidir leis an tréimhse fada socrúcháin i scoil, maidir le múinteoir faoi oiliúint a ullmhú don ghairm. Cuireann sé leis an gcéim sin, ag glacadh leis mar phointe tosaigh leis na réimsí don fhoghlaim bhreise atá aitheanta ag múinteoir nuacháilithe (MN) i gcomhar leis an FA mar chuid den taithí ar shocrúchán scoile. Ag an am céanna, aithnítear gur céim faoi leith atá san ionductúchán d'oideachas leanúnach an mhúinteora ar an bpróiseas sóisialaithe atá ann i ngairm an mhúinteora. Tá gníomhaíochtaí foghlamtha atá bunaithe ar an scoil agus gníomhaíochtaí breise maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil i gceist leis an gcreat lánpháirtithe seo chun freastal ar riachtanais an mhúinteora i dtús a ngairm bheatha. Tá sé mar phríomhchuspóir le *Droichead* tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim ghairmiúil MN'nna le linn na céime ionductúcháin, ag cur bonn taca ar an mbealach sin faoi fhás agus faoi fhoghlaim ghairmiúil don chéad chéim eile dá ngairm bheatha. Tar éis próiseas *Droichead*, tugann an MN dearbhú go bhfuil sé/sí ullmhaithe don chéad chéim eile den oideachas leanúnach múinteora. Déanann an múinteoir agus comhghleacaithe oilte comhdhearbhú, tar éis machnamh a bheith déanta acu le chéile ar an bpróiseas, agus trína rannpháirtíocht in *Droichead*, go raibh siad rannpháirteach i bpróiseas teagaisc agus foghlama a bhí ar ardchaighdeán. Faigheann an Chomhairle réidh ansin le coinníoll *Droichead* (agus coinníollacha eile cleachtas gairmiúil iarcháilíochta) ó chlárúchán an mhúinteora.

An Clár Náisiúnta Ionductúcháin do Mhúinteoirí

Seirbhís arna mhaoiniú ag an Stát atá sa Chlár Náisiúnta Ionductúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) a thacaíonn le hionductú MN'nna, bun scoile agus iar-bhunscoile araon i ngairm na múinteoireachta in Éirinn. Tá sé mar phríomhchuspóir le hionductú forbairt ghairmiúil MN'nna a chur chun cinn trí thacaíocht chórasach le linn na chéad bhliana den mhúinteoireacht, ag leagan síos ar an mbealach sin na bunchlocha d'fhás agus d'fhorbairt ghairmiúil ina dhiaidh sin. Déanann an CNIM soláthar clár ionductúcháin ilghnéitheach a chomhordú do mhúinteoirí. Faigheann comhaltaí foirne lánaimseartha, Oifigigh Forbartha Réigiúnacha (OFR'nna), tacaíocht maidir lena gcuid oibre ó fhoireann comhlach (féach thuas).

Taisce

Déanann gach Múinteoir Nuacháilithe (MN), punann ar an bhfoghlaim ghairmiúil a fhorbairt le himeacht ama chun tacú leis an bpróiseas machnaimh i ndáil lena chleachtas/lena cleachtas. Baintear úsáid as an téarma Taisce, (an Ghaeilge ar chiste fionnta) chun tagairt a dhéanamh don phróiseas foghlama punann-bhunaithe seo. Cuireann rannpháirtíocht sa phróiseas foghlamtha punann-bhunaithe ar chumas na múinteoirí machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim ghairmiúil ó thaobh réimsí a aithint agus pleanáil a dhéanamh do na réimsí seo a bhféadfadh gá a bheith acu le cúnaimh nó le treoir bhreise ina leith. Cuireann *Droichead* solúbthacht ar fáil ó thaobh Taisce a bhunú, ina mbeidh an leagan amach agus an t-ábhar á gcinneadh agus faoi úinéireacht an mhúinteora nuacháilithe. Ba chóir go n-áireodh sé eochairphointí foghlama agus léargais ó phróiseas *Droichead*. Cuirtear béim ar cháilíocht

seachas ar chainníocht sna deiseanna foghlama seo, ina roghnaíonn an múinteoir na pointí agus na léargais maidir le machnamh a dhéanamh orthu agus maidir leis an mbealach inar mian leo seilbh a ghlacadh ar an machnamh sin.

Foireann Tacaíochta Gairmiúil (FTG)

Is ionann an Fhoireann Tacaíochta Gairmiúil (FTG) agus múinteoirí lánoilte agus lánchláraithe a oibríonn i gcomhar lena chéile le tacaíocht a thabhairt don Mhúinteoir Nuacháilithe le linn próiseas *Droichead*.

Liosta Acrainmneacha

CDSS	Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh
DCD	Dearbhú Cáilíochta <i>Droichead</i>
ITES	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
OTM	Oideachas Tosaigh Múinteoirí
CNIM	An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí
MN	Múinteoir Nuacháilithe
FTG	Foireann Tacaíochta Gairmiúil
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
MOS	Múinteoir Oideachais Speisialta

Focal ón gCathaoirleach

Bhí sé de phribhléid againn mar chomhaltaí de phainéil Dearbhaithe Cáilíochta *Droichead* cuairt a thabhairt ar scoileanna agus labhairt le Príomhoidí, le comhaltaí den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúil agus le Múinteoirí Nuacháilithe mar chuid den phróiseas Dearbhaithe Cáilíochta do *Droichead*. Cuireann an DCD béim ar chomhleanúnachas seachas ar aonghnéitheacht i bpróiseas *Droichead* sna scoileanna. Tá lúcháir orainn go bhfuil próiseas *Droichead* ag oibriú ar ardleibhéal gairmiúil i scoileanna fud fad na tíre.

Bhí ardleibhéal comhleanúnachais sna freagraí a fuarthas. Go ginearálta, glacadh ar bhealach an-dearfach leis an bpróiseas féin, leis an oiliúint agus leis an tacaíocht a chuir comhaltaí an FTG ar fáil sna scoileanna. Rinne líon scoileanna moltaí maidir le feabhsúcháin a chur ar phróiseas *Droichead*. Tuairiscíodh go raibh an bhreathnóireacht idir piaraí ar an gcuid ba luachmhaire de phróiseas *Droichead* do chomhaltaí an FTG agus do na MN'na araon.

Cé go bhfuil dúshlán ann i gcónaí, tá *Droichead* ag cuidiú le cultúr na hiontrála oscailte sa mhúinteoireacht, ag cur deiseanna ar fáil do chomhráite gairmiúla agus tá buntáistí córasacha aige a théann níos faide ná an tacaíocht a raibh cleachtadh ag na Múinteoirí Nuacháilithe air. Tá próiseas *Droichead* neamhbhreithiúnach agus cuireann deis ar fáil le sárchleachtas a chomhroinnt. Mar a dúirt Príomhoide amháin, “Is éard atá i gceist leis ná go bhfuil an ghairm ag teacht in aibíocht agus á rá “Amhail gairmeacha eile táimid in ann tacú linn féin agus muid féin a chothú”.

Labhraíodh i scoileanna ar an mbealach ina raibh *Droichead* ina thaithí dhearfach dóibh, gur deis a bhí ann d'fhorbairt ghairmiúil na foirne go léir. Tugadh an deis do mhúinteoirí oilte machnamh a dhéanamh agus cuidíodh le cultúr scoile tacúil, oscailte agus comhoibríoch a chur chun cinn.

Go deimhin, tá síneadh curtha ag roinnt scoileanna leis an bpróiseas tacúil do na múinteoirí nua go léir, do Mháistir Gairmiúil le hOideachas (PME), do mhúinteoirí faoi oiliúint nó tá polasaithe iontrála oscailte á scrúdú acu, beartais chomhoibríocha comhghleacaíochta, cruinnithe neamhfhoirmiúla scoile do mhúinteoirí agus féilte múinteoireachta agus iad sin go léir ag eascairt óna rannpháirtíocht le *Droichead*.

Ciarán Flynn

1 Réamhrá

1.1 An Cúlra do Dhearbhú Cáilíochta Droichead (DCD)

Is ionann *Droichead* agus creat lánpháirtithe ionductúcháin gairmiúil do mhúinteoirí nuacháilithe (MN), a áiríonn tréimhse cleachtas gairmiúil ina n-éilítear ar an Múinteoir Nuacháilithe tabhairt faoi i scoil *Droichead* tar éis an chláirúcháin tosaigh.

Tionscnaíodh próiseas Dearbhaithe Cáilíochta *Droichead* le súil le measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus ar chomhleanúnachas phróiseas *Droichead* i líon scoileanna a bhí rannpháirteach sa chéim píolótach ó Mheán Fómhair na bliana 2013. Tá athrú thar na bearta tagtha ar choincheap phróiseas an DCD ó luathchéimeanna pholasáí forbartha *Droichead*. Samhlaíodh, sa chéad leagan de Threoir *Droichead* do Scoileanna 2013/2014 (do bhliain 1 den chéim píolótach), go mbeadh ról tábhachtach maidir le dearbhú cáilíochta ag an bhFoireann Cigireachta trí mheastóireacht a dhéanamh ar shampla oibre MN'nna a raibh próiseas *Droichead* críochnaithe acu i scoileanna, trí bhreathnóireacht a dhéanamh ar a gcleachtadh sa seomra ranga.

Rinneadh próiseas malartach DCD a fhorbairt, i bhfianaise údar imní suntasach a bhí ardaithe ag na scoileanna píolótacha maidir leis an gcur chuige a bhí beartaithe, agus cheadaigh an Chomhairle é seo i mí Iúil na bliana 2014. Tugann an próiseas DCD aitheantas do bhunluachanna na Comhairle Múinteoireachta; don fhreagracht gairmiúil comhroinnte; do rialachán faoi stiúir na gairme, agus do chomh-mhuinín gairmiúil. Léirítear é sin i gcomhdhéanamh phainéal an DCD (féach Roinn 3), ina bhféachtar i dtreo na gairme le freagracht a ghlacadh ní amháin as ionductú Múinteoirí Nuacháilithe sa ghairm ach i dtreo dhearbhu cáilíochta an phróisis sin.

Ar aon dul leis na próisis dearbhaithe cáilíochta atá leagtha amach in *Droichead: Treoir do Scoileanna 2015/2016*, tionscnaíodh próiseas an DCD le linn scoilbhliain 2015/2016. Bunaíodh painéal DCD agus tugadh faoi shraith de chuartheanna ar ocht gcinn de scoileanna le meon comhghleacaíochta agus comhoibríoch. Le linn na gcuartheanna sin, rinne an painéal an próiseas a phlé leis an bpríomhoide, leis an FTG agus leis na MN'nna. Cuireadh tuarascáil le chéile inar tugadh breac-chuntas ar thorthaí phainéal an DCD. Cheadaigh an Chomhairle Múinteoireachta an tuarascáil seo an 6 Márta 2017 agus is féidir é a fháil ag <http://www.teachingcouncil.ie/en/publications/teacher-education/documents/Droichead-quality-assurance-dqa-report-2017.pdf>.

Faoi láthair, tá an DCD ar cheann de líon meicníochtaí atá i bhfeidhm le cáilíocht agus le comhleanúnachas phróiseas *Droichead* a dhearbhu ar bhonn náisiúnta mar a leagtar amach 'in *Droichead: An Creat Lánpháirtithe maidir le hIonductúcháin Gairme 2017*' ag 1.1.9.

Déanann painéal an DCD é sin ar dhá phríomhbhealach, trí:

- Athbhreithnithe bliantúla a dhéanamh ag leibhéal náisiúnta ar mhaithe le tuiscint chomhpháirteach a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud scoileanna maidir lena n-oibríonn go maith ó thaobh Droichead, i gcomhthéacs scoileanna éagsúla.
- Déanfar iarratais ó na Múinteoirí Nuacháilithe maidir le hathbhreithniú ar an bpróiseas Droichead a mheas.

Mar go ndearnadh líon athruithe suntasacha ar pholasáí Droichead i Márta na bliana 2017, tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go bhfuil taithí na scoile a leagtar amach sa tuarascáil seo bunaithe ar na socruithe polasáí a bhí i bhfeidhm in *Droichead: Treoir do Scoileanna 2015/2016*.

1.2 Cuspóir an DCD

Tá sé mar chuspóir le próiseas an DCD cáilíocht agus comhleanúnachas araon *Droichead* ar fud scoileanna a scrúdú agus chomh maith leis sin scrúdú a dhéanamh freisin ar an mbealach ina léiríonn taithí na MN'nna an cháilíocht agus an comhleanúnachas seo.

Leis an méid sin a bhaint amach, tá sé i gceist go ndéanfar iarracht trí phróiseas an DCD le:

- tuiscint comhroinnte ar fud scoileanna a fhorbairt agus a chur chun cinn maidir leis an méid a oibríonn go maith in *Droichead* laistigh de chomhthéacsanna éagsúla scoileanna
- scrúdú a dhéanamh cibé an bhfuil próiseas *Droichead* de réir mar atáthar á chur i bhfeidhm cothrom agus comhsheasmhach le Polasáí na Comhairle Múinteoireachta
- Moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta maidir le nósanna imeachta do dhearbhu cáilíochta phróiseas *Droichead*.

Mar go dtagann scoileanna faoi chomhthéacsanna éagsúla, tá fócas an DCD ar chomhleanúnachas seachas ar gach rud a bheith ar aon dul ar fud na scoileanna atá rannpháirteach.

Tá na príomhphrionsabail seo a leanas mar threoir ag próiseas an DCD:

- freagracht ghairmiúil comhroinnte agus rialachán faoi stiúir na gairme;
- sárchleachtas a chomhroinnt;
- tá an MN lárnach sa phróiseas;
- cothroime agus comhleanúnachas.

Ní tuarascáil taighde atá i gceist anseo. Tá sé mar chuspóir leis an doiciméad seo breac-chuntas a thabhairt ar thorthaí painéil an DCD mar thoradh ar chuirteanna a tugadh ar líon scoileanna *Droichead*. Tá sé i gceist go gcuirfidh an próiseas seo eolas ar fáil d'fhorbairt polasaí maidir le dearbhú cáilíochta amach anseo. Is féidir torthaí an taighde seo ar chéim phíolótach *Droichead*, a bhí á stiúradh ag an ITES, a fháil sa tuarascáil ar Athbhreithniú ar Chlár Píolótach Ionduchtúcháin Múinteoirí *Droichead* (2016).

2 Roghnú Scoileanna

Tugadh cuireadh do na scoileanna go léir a bhí rannpháirteach in *Droichead* le linn Bliain 3 (2015-2016) agus Bliain 4 (2016-2017) iad féin a ainmniú do phróiseas an DCD. Le linn na tréimhse ama seo thacaigh 332 scoil (124 bunscoil, 264 iar-bhunscoil) le 871 MN (271 bunscoil, 600 iar-bhunscoil) trí phróiseas *Droichead*. Astu seo léirigh 35 de scoileanna *Droichead* (bunscoil agus iar-bhunscoil) spéis a bheith rannpháirteach i bpróiseas an DCD. As an méid sin, roghnaíodh 24 scoil ar an iomlán, 12 bunscoil agus 12 iar-bhunscoil.

Rinneadh iarracht agus an roghnú á dhéanamh grúpa ionadaíoch leathan scoileanna a thabhairt san áireamh agus an méid seo a leanas á thabhairt san áireamh:

- o réimse de chineálacha scoileanna (m.sh., CDSS / Scoileanna nach Scoileanna CDSS iad / BOO / Pobalscoileanna / Deonach / Gaelscoil) agus suíomhanna (raon geografach agus uirbeach / suíomhanna tuaithe);
- o scoileanna beaga le príomhoide teagaisc in earnáil na bunscoile;
- o scoileanna speisialta.

2.1 Anaithnid

Tá na scoileanna atá rannpháirteach i bpróiseas an DCD anaithnid sa tuarascáil seo. Tá ginearálú déanta ar phróifíl na scoile agus tagraítear do na scoileanna agus cóid anaithnid á n-úsáid mar a leagtar amach sa tábla thíos:

Scoil A	Is scoil mheasctha iar-bhunscoile í Scoil A ina bhfuil 34 múinteoir agus tá an scoil i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2014-2015. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag cúigear MN sa scoil seo.
Scoil B	Is bunscoil mhór phríomhshrutha atá in Scoil B le 45 múinteoir le príomhoide riaracháin atá suite i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2014-2015. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag aon duine dhéag MN sa scoil seo.
Scoil C	Is scoil iar-bhunscoile pobail mheasctha atá in Scoil C ina bhfuil 36 múinteoir. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2015-2016. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag ceathrar MN sa scoil seo.
Scoil D	Is scoil bhunscoile phríomhshrutha atá in Scoil D le 18 múinteoir agus príomhoide riaracháin, tá an scoil suite i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2015-2016. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag triúr MN sa scoil seo.
Scoil E	Is pobalscoil mheasctha atá in scoil E ina bhfuil 63 múinteoir. Tá Sruth na Gaeilge sa scoil seo do dhaltá na chéad bhliana. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2014-2015. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag cúigear MN sa scoil seo.
Scoil F	Is bunscoil phríomhshrutha atá in Scoil F ina bhfuil 23 múinteoir agus príomhoide riaracháin, tá an scoil suite i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2014-2015. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag seachtar MN sa scoil seo.

Scoil G	Is pobalscoil iar-bhunscoile atá in Scoil G le 24 múinteoir. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2015-2016. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil H	Is bunscoil phríomhshrutha atá in Scoil H le 24 múinteoir agus príomhoide riaracháin, tá an scoil suite i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2015-2016. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil I	Is bunscoil phríomhshrutha atá in Scoil H le 24 múinteoir agus príomhoide riaracháin, tá an scoil suite i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2015-2016. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil J	Is iar-bhunscoil mheasctha, CDSS agus Gaelscoil í Scoil J, ina bhfuil 25 múinteoir agus príomhoide teagaisc, tá an scoil lonnaithe i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2015-2016. Tá ball seachtrach ar an FTG agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil K	Is bunscoil mhór phríomhshrutha atá in Scoil K le 39 múinteoir agus príomhoide riaracháin, tá an scoil lonnaithe i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2014-2015. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil L	Is bunscoil mhór phríomhshrutha atá in Scoil L le 30 múinteoir agus príomhoide riaracháin, tá an scoil lonnaithe i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2015-2016. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil M	Is bunscoil mhór phríomhshrutha atá in Scoil M le 36 múinteoir agus príomhoide riaracháin, tá an scoil lonnaithe i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2015-2016. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil N	Is iar-bhunscoil aonghnéis atá in Scoil N le 61 múinteoir. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2013-2014. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil O	Is coláiste pobail iar-bhunscoile CDSS atá in Scoil O, DEIS, le 55 múinteoir. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2013-2014. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil P	Is bunscoil mhór phríomhshrutha atá in Scoil P ina bhfuil 37 múinteoir agus príomhoide riaracháin, tá an scoil lonnaithe i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2015-2016. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil Q	Is bunscoil faoin tuath atá in Scoil Q le 4 múinteoir agus príomhoide teagaisc. Is scoil CDSS atá inti. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2014- 2015. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.

Scoil R	Is bunscoil faoi tuath atá in Scoil R le 4 múinteoir agus príomhoide teagaisc. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> 2015-2016. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil S	Is iar-bhunscoil aonghnéis atá in Scoil S le 58 múinteoir. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2013-2014. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil. Tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag líon de chomhaltaí an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil T	Pobalscoil mhór iar-bhunscoile atá in Scoil T le 100 múinteoir. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2013-2014. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil U	Is scoil speisialta í Scoil U le seachtar múinteoirí agus príomhoide riaracháin. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2015-2016. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil V	Is bunscoil mhór phríomhshrutha atá in Scoil V le 30 múinteoir agus príomhoide riaracháin, tá an scoil lonnaithe i gceantar uirbeach. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2014-2015. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil W	Is iar-bhunscoil aonghnéis atá in Scoil W le 53 múinteoir. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2014-2015. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag MN amháin sa scoil seo.
Scoil X	Is pobalscoil atá in Scoil X le 90 múinteoir. Chláraigh an scoil mar Scoil <i>Droichead</i> in 2014-2015. Bunaíodh an FTG laistigh den scoil agus tá forbairt ghairmiúil <i>Droichead</i> leis an CNIM tugtha chun críche ag comhaltaí go léir an FTG. Tá próiseas <i>Droichead</i> tugtha chun críche ag cúigear MN sa scoil seo.

Chas Painéal an DCD le 97 comhalta den FTG agus le 36 MN oilte a bhfuil taithí acu air agus próiseas *Droichead* tugtha chun críche acu, ar fud 24 scoil.

3 Painéil Dearbhaithe Cáilíochta *Droichead*

3.1 Comhdhéanamh na bPainéal

Is féidir achoimre a dhéanamh ar chomhdhéanamh agus ar obair phainéil DCD mar a leanas:

Tá painéil athbhreithnithe bunaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta le dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar phróiseas *Droichead*. Áirítear ar gach aon phainéal, Cathaoirleach neamhspleách, múinteoir cláraithe ón earnáil ábhartha agus duine ag a bhfuil saineolas ó thaobh tacaíocht a thabhairt do agus/nó meastóireacht a dhéanamh maidir le teagasc agus foghlaim ag leibhéal na scoile.

Tugadh cuireadh do chomhaltaí na Comhairle Múinteoireachta atá ina múinteoirí cláraithe ó earnáil na bunscoile nó ón earnáil iar-bhunscoile iad féin a ainmniú don phainéal. Rinne Stiúrthóir na Comhairle na ceapacháin.

Tugann an painéal athbhreithnithe cuairt ar shampla randamach de na scoileanna inar eagraíodh próiseas *Droichead* agus pléitear an próiseas leis an bPríomhoide, leis an FTG agus leis an Múinteoir Nuacháilithe. Tá cuairteanna den sórt sin eagraithe roimh ré agus feidhmítear iad le meon na comhghleacaíochta agus meon an chomhoibrithe. Tar éis an athbhreithnithe a thabhairt chun críche, cuireann an painéal tuarascáil faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta, ina leagtar amach a chuid torthaí agus moltaí maidir leis an bpróiseas. Breithníonn an Chomhairle an tuarascáil agus ar a dhaingniú, foilsítear an tuairisc ar láithreán gréasáin na Comhairle agus scaiptear é ar an CNIM agus ar an lucht Cigireachta.

I nDeireadh Fómhair na bliana 2017, bunaigh an Chomhairle Mhúinteoireacht dhá phainéal DCD, ceann do bhunscoileanna agus ceann d'iar-bhunscoileanna. Ar mhaithe le comhleanúnachas a chinntiú, ceapadh Cathaoirleach amháin le maoirseacht a dhéanamh ar obair an dá phainéal. Thacaigh Comhalta de chuid na Comhairle Múinteoireachta a bhí ag feidhmiú mar rapóirtéir, le hobair an dá phainéal. Is féidir comhaltas phainéal an DCD a fháil in Aguisín 1.

Thug gach aon phainéal cuairt ar na scoileanna roghnaithe a bhí ábhartha dá n-earnáil féin. Thug an Cathaoirleach cuairt ar gach scoil, bunscoil agus iar-bhunscoil san áireamh. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar thorthaí na gcuairteanna seo.

3.2 Ullmhúchán do Phróiseas an DCD

Tháinig na painéil le chéile an 8 Samhain 2017, in oifigí na Comhairle Mhúinteoireachta i Maigh Nuad chun páirt a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil roimh na cuairteanna scoile. Tugadh sonraí an lá sin do na painéil maidir le próiseas *Droichead*, lena n-áirítear na nósanna imeachta agus an critéar a bhí i gceist sa phróiseas, an bunús don DCD agus ról agus freagrachtaí chomhaltaí an phainéil. Chomhaontaigh na painéil agus an rapóirtéir an lá sin an sceideal cuairteanna agus dátaí sealadacha leis an tuarascáil a thabhairt chun críche.

Rinneadh éascú ar oiliúint bhreise do chomhaltaí breise na bpainéal an 14 Nollaig 2017. Bhí na comhaltaí seo ar fáil chun tacú le hobair phainéal an DCD sa chás go raibh gá leis.

4 An Próiseas do Dhearbhú Cáilíochta *Droichead*

4.1 Cuirteanna Scoile

Tugtar faoi na cuirteanna go léir ar na scoileanna do phróiseas an DCD le meon na comhghleacaíochta agus meon an chomhoibríthe. Bhí na cuirteanna ar siúl idir an 23 Samhain 2017 agus an 9 Feabhra 2018.

Chas na painéil, le linn gach cuairt scoile leis an bPríomhoide, le comhaltaí an FTG agus leis na MN'nna a raibh próiseas *Droichead* tugtha chun críche acu. Eagraíodh na cuirteanna ar bhealach oscailte agus comhoibríoch agus rinne an rapóirtéir taifeadadh ar na nótaí.

Tháinig na painéil le chéile ar feadh seal gairid le cur síos a dhéanamh ar na téamaí a bhí ag teacht chun cinn ón gcúairt agus leis an méid sin a bhreithniú le súil le cinneadh a dhéanamh maidir leis na leibhéil comhleanúnachais le scoileanna eile atá rannpháirteach i bpróiseas an DCD.

5 Torthaí maidir le Dearbhú Cáilíochta *Droichead*

Tá na torthaí ó gach aon scoil curtha le chéile agus tá íomhá chumaisc tagtha chun cinn a chlúdaíonn próiseas *Droichead* do na MN'nna agus do scoileanna le linn scoilbhlianta 2015/2016 agus 2016/2017. Tá sé tábhachtach a léiriú gur ionann na torthaí sin agus taithí dhíreach 24 de scoileanna féin-ainmnithe *Droichead*.

5.1 Ról an Phríomhoide

- Measadh gur duine fíorthábhachtach a bhí sa Phríomhoide maidir leis an bpróiseas a chur i láthair agus a stiúradh sna scoileanna.
- I roinnt de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu ní raibh an Príomhoide ina chomhalta den FTG, ghlac comhalta d'fhoireann bainistíochta na scoile an ról seo orthu féin.
- Go ginearálta, measadh gur buntáiste a bhí i gcomhalta d'arbhainistíocht na scoile a bheith ar an FTG.
 - Thug sé sin stádas do *Droichead* agus d'obair an FTG sa scoil
 - Chuidigh sé le *Droichead* a choinneáil ar chlár oibre na scoile uile
 - Sa chás gur thug an Príomhoide faoi oiliúint FTG bhí tuiscint níos fearr acu ar riachtanais an FTG agus na MN'nna
- Sna scoileanna nach raibh an Príomhoide ina chomhalta den FTG, bhí spéis ghníomhach aige/aici, bhí sé/sí ar an eolas maidir leis an bpróiseas sa scoil agus eolas cothrom le dáta aige/aici agus tugadh miontuairiscí cruinnithe FTG dó/di.

5.2 Roghnú agus Comhdhéanamh chomhaltaí an FTG agus na ról atá i gceist

- Bhí an FTG comhdhéanta i gcónaí de chomhaltaí foirne oilte.
- Go ginearálta thairg na comhaltaí a gcuid seirbhíse, cé gur spreagadh comhaltaí eile le bheith rannpháirteach, go háirithe sa chás go raibh taithí meantóireachta acu agus/nó go raibh oiliúint mheantóireachta curtha orthu.
- Bhí roinnt iar-bhunscoileanna ag lorg comhalta FTG do réimsí ábhair nó do réimsí taithí i sraith ábhair, m.sh. teangacha/obair phraiticiúil ag teacht le riachtanais ábhar na MN'nna a bhí ag teacht isteach. Ag leibhéal na bhunscoile, sa chás gur chúí, breithníodh leibhéal/ról ranga an MN nuair a bhíodhas ag sannadh meantóir don MN.
- I roinnt scoileanna tá comhaltaí den CNIM ar an FTG agus tá leas á bhaint as cuairt scoile chomhalta an CNIM/RDO chun an próiseas a bhunú agus le soiléireacht a sholáthar sa chás go bhfuil gá leis.
- Bhí comhaltaí an FTG soiléir maidir lena gcuid ról féin mar chomhaltaí den fhoireann. Rinne an fhoireann cinneadh i gcomhar ag leibhéal áitiúil maidir leis sin agus aird á thabhairt ar riachtanais na MN'nna.
- Bhí sé le feiceáil ag leibhéal iar-bhunscoile gurbh fhearr leis na MN'nna go mbeadh a sonraíocht ábhair á chomhroinnt ag an meantóir.
- Bhí roinnt scoileanna den tuairim gur chóir go mbreithneofaí córas aitheantais d'obair an FTG.

5.3 Ionchais *Droichead*

- Rinneadh na hamlínte a shoiléiriú do gach a bhí rannpháirteach ag tús an phróisis mar aon le ról éagsúla chomhaltaí an FTG maidir leis na MN'nna. Ceadaíodh solúbthacht chun freastal níos fearr a dhéanamh ar chúinsí na scoile.
- Bhí tacaíocht scoile iomlán soiléir sa chuid is mó de na scoileanna agus á chur chun cinn trí chur i láthair na foirne maidir le *Droichead* agus ó thaobh comhaltaí foirne a spreagadh le breathnóireacht a éascú. Labhair na MN'nna i roinnt scoileanna leis an bhfoireann go léir maidir lena dtaithí ar *Droichead*. Bhí sé coinnithe ar an gclár oibre ag cruinnithe foirne i go leor de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu.

- Bhí tacaíocht scoile iomlán níos cumhachtaí sa chás go raibh taithí ag na scoileanna ar theagasc foirne nó ar thionscadail comhtheagaisc ar nós ceannaireacht teagaisc.
- Sna scoileanna go léir ar tugadh cuairt orthu bhí *Droichead* ar siúl ar feadh tréimhse chonartha an MN, ní díreach an teorainn ama íosta a bhí i gceist (60 lá/200 uair.) Ní raibh teorainn ama íosta mar shaincheist ach amháin nuair ba chuid den scoilbhliain a bhí i gceist leis an gconradh. Bhí an FTG agus na MN'nna araon den tuairim gur chuir an síneadh ama níos mó tacaíochta ar fáil do mhachnamh agus d'fheabhsúchán.
- Cé go bhfuil *Droichead* indéanta laistigh de na creataí ama íosta, chomhaontaigh na scoileanna nár chuir sé sin an taithí thacúil chéanna ar fáil don MN is a cuireadh ar fáil do MN'nna eile, d'fhéadfadh sé go mbeadh an próiseas á dhéanamh faoi dheifir agus nach mbeadh an tairbhe chéanna ag gabháil leis.
- Cheadaigh roinnt de na FTG'nna, agus iad ag tabhairt breac-chuntas ar amlíne *Droichead* do na MN'nna, go bhféadfadh sé go mbeadh am breise riachtanach chun deis a thabhairt don MN dul chun cinn a dhéanamh. (Mar shampla, tréimhse ama tosaigh Meán Fómhair – Cáisc le breis ama i ndiaidh na Cásca dá mba rud é go mbeadh gá leis

5.4 Critéar/Caighdeáin *Droichead*

- Tá caighdeáin agus critéar *Droichead* curtha in oiriúint i go leor cásanna don socrúchán scoile agus do chomhthéacs aonair an MN le heiseamláirí scoile.
- Bhí caighdeáin *Droichead* ina n-eiseamláirí sárchleachtas, thacaigh siad leis an FTG ó thaobh cuidiú leis na MN'nna a gcuid riachtanais foghlama a aithint agus ó thaobh léarscáiliú a dhéanamh ar dhul chun cinn na MN'nna trí phróiseas *Droichead*.
- Chuir úsáid agus cur i bhfeidhm chaighdeáin agus chomhiarrachtaí an FTG le comhleanúnachas phróiseas *Droichead* ar fud réimse socrúcháin scoile agus MN'nna.
- Is fearr a d'oirbhig Caighdeáin agus Critéar nuair a baineadh úsáid astu mar spriocanna forbartha i réimsí ina raibh gá leo a bhí aitheanta ag an MN le tacaíocht an FTG.
- Chuidigh athbhreithnithe rialta ar chaighdeáin *Droichead* mar a cuireadh i bhfeidhm iad i socrúchán scoile le heolas a chuir ar fáil do shárchleachtas do *Droichead*.

5.5 Oilíúint agus Tacaíocht *Droichead*

- Tríd is tríd bhí oilíúint tosaigh FTG *Droichead* ón CNIM molta ag scoileanna.
- Moladh go hard an tacaíocht a thug comhlach an CNIM do na scoileanna, go háirithe na cuairteanna tosaigh ón gcomhlach nuair a théann scoil le *Droichead* ó thaobh próiseas a bhunú agus sa chás go dtagann ceisteanna nó údar imní chun cinn le linn *Droichead*.
- Bhí comhaltaí an FTG den tuairim go raibh na codanna a dhéileáil le bainistíocht a dhéanamh ar chomhráite dúshlánacha, ar bhreathnóireacht, ar rólghlacadh/cásanna agus an deis ó thaobh labhairt le scoileanna eile agus cleachtais agus taithí a chur i gcomparáid ar na gnéithe ba thairbhiúla den oilíúint.
- Bhí am breise á éileamh ag go leor scoileanna le caitheamh ar réimsí ar nós caighdeáin agus critéar, comhráite dúshlánacha, doiciméadacht/rialacháin *Droichead* agus d'éiligh go leor scoileanna rochtain ar oilíúint do chomhaltaí breise FTG.
- Chonacthas an t-am a cuireadh ar fáil don oilíúint ar mhaithe le hoibriú ar an gcritéar scoile agus ar phleanáil *Droichead* mar FTG mar am sárluachmhar ó thaobh próiseas *Droichead* a bhunú.
- Bhí deacracht ag roinnt scoileanna le ligean leis an bhfoireann do cheithre lá oiliúna, go háirithe i bhfianaise na ndeacrachtaí atá ann múinteoirí ionaid a eagrú.
- Bhí achar taistil chuig ionaid oiliúna mar shaincheist do roinnt scoileanna.
- Labhair go leor scoileanna ar an ngá le hoiliúint athnuachana ar bhonn rialta do chomhaltaí an FTG go léir, go háirithe i bhfianaise na bpríomhathruithe ar phróiseas *Droichead*.
- Tugadh moladh d'ábhair tacaíochta an CNIM agus bhíothas den tuairim go raibh siad thar a bheith úsáideach.

5.6 Am Saor Ionduchtúcháin do Droichead

- Feictear an tsolúbthacht a thugtar do scoileanna le ham saor a úsáid ar an mbealach is fearr a oireann dá gcuid scoileanna mar sholúbthacht atá ríthábhachtach. Luaigh mionlach bunscoileanna go mbainfeadh tairbhe lena bheith in ann múinteoir ionaid a roinnt le scoil eile ar feadh leathlae.
- Ba mhaith le scoileanna am breise a bheith curtha ar fáil do phróiseas *Droichead*. Chonacthas go raibh tábhacht thar na bearta ag gabháil leis an méid ama pearsanta a bhí Múinteoirí, comhaltaí FTG agus MN'nna a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí agus do chruinnithe *Droichead* lasmuigh den am a caitheadh i mbun ranga. Bhí drogall ar chomhaltaí foirne a gcuid ranganna féin a fhágáil agus ní raibh múinteoirí ionaid ar fáil go réidh.
- Thuairiscigh scoileanna gur don bhreathnóireacht a bhí an úsáid ba luachmhaire a baineadh as am saor, lena n-áirítear, roimh agus tar éis cruinnithe breathnóireachta. Sa chás go raibh sé indéanta, baineadh úsáid as am saor freisin do chruinnithe FTG.
- Chuala an painéal go raibh úsáid á bhaint as am MOS i líon beag bunscoileanna le gníomhaíochtaí *Droichead* éascú.

5.7 Breathnóireacht

- Féachadh ar bhreathnóireacht sna scoileanna go léir mar an chuid ba thábhachtaí agus ba luachmhaire den phróiseas.
- Sna scoileanna go léir ar tugadh cuairt orthu bhí níos mó ná an t-íosmhéid den dá chineál breathnóireachta a bhí molta ar siúl.
- Bhí siad saincheaptha, go ginearálta, le freastal ar riachtanais MN'nna.
- Baineadh úsáid as níos mó ná aon leagan amach amháin den bhreathnóireacht i scoileanna.
- Bhí na comhaltaí foirne go léir a bhí rannpháirteach den tuairim go raibh fiúntas ag baint leo, thug múinteoirí oilte ar aird freisin go raibh siad ag foghlaim ó na MN'nna.
- Bhí tionchair dhearfacha a bhí suntasach ann ó thaobh múinteoireacht na MN'nna i ndiaidh na breathnóireachta.
- Chuidigh aiseolas struchtúrtha tar éis na breathnóireachta agus teimpléid CNIM á n-úsáid le heolas a chur ar fáil do phróiseas *Droichead* agus do phleananna gnímh amach anseo.
- Go ginearálta, tugadh an deis do MN'nna le breathnóireacht a dhéanamh ar chomhalta FTG sula ndearnadh breathnóireacht orthu féin.
- Is comhaltaí FTG amháin, i ngach cás, a rinne an bhreathnóireacht ar na MN'nna ach bhí deiseanna ag na MN'nna le breathnóireacht a dhéanamh lasmuigh den FTG.
- Rinneadh iarracht deiseanna a thabhairt do MN'nna i mbunscoileanna a raibh na MN'nna rannpháirteach i socrúchán MOS taithí a fháil ar theagasc na Gaeilge agus ar theagasc ranga príomhshrutha mar chuid dá bpróiseas *Droichead*.
- Bhí comhráite gairmiúla i measc na foirne mar thoradh ar an mbreathnóireacht.
- Bhí cultúr iontrála oscailte nó samhlacha comharfhoghlama i go leor scoileanna mar thoradh ar an mbreathnóireacht.

5.8 Comhráite Gairmiúla

- Bhí meascán de chomhráite gairmiúla *Droichead* go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil araon ar siúl sna scoileanna go léir agus bhí na comhaltaí foirne den tuairim go raibh an dá chineál thar a bheith tábhachtach.
- Bhí cruinnithe foirmiúla ar siúl nuair a cuireadh tús leis an bpróiseas, thart ar an mbreathnóireacht agus ag eatraimh rialta.
- Chuir comhráite neamhfhoirmiúla an deis ar fáil do thacaíocht thráthúil agus leanúnach do na MN'nna.
- Fuarthas amach, i mbeagán cásanna agus comhráite dúshlánacha ar siúl le tacaíocht ó chomhaltaí FTG, go raibh tacaíocht sheachtrach ó chomhlach CNIM agus oiliúint CNIM thar a bheith úsáideach.

5.9 Taisce

- Bhí éagsúlacht i gceist leis an taithí a bhain le húsáid Taisce i measc MN'nna ar tugadh cuairt orthu.
- I bhformhór na gcásanna ní raibh an FTG cinnte ó thaobh a ról maidir le Taisce.
- Bhí an tsolúbthacht chruthaitheach atá mar chuid de Taisce mar fhoinsé neamhchinnteachta do go leor MN'nna.
- Chonacthas Taisce mar áit le taifeadadh a dhéanamh ar phríomhphointí foghlama le linn phróiseas *Droichead* seachas áit a bhféadfadh MN'nna a gcuid riachtanas foghlama féin agus a gcuair foghlama féin a aithint.
- Aithníodh réimse d'oiliúint bhreise sa nasc idir na MN'nna ón Oideachas Tosaigh Múinteoireachta agus ní raibh *Droichead* follasach i gcónaí i dturas machnaimh na MN'nna.
- Bhíothas den tuairim go raibh an tábhacht a bhain le machnamh fiúntach ach go raibh sé pearsanta do thuras gach aon MN.
- Ar bhreathnú siar dóibh bhí roinnt MN'nna den tuairim go raibh Taisce níos fiúntaí nó chonaic siad go raibh fiúntas ag baint le Taisce ó thaobh ullmhúchán a dhéanamh d'agallamh.

5.10 Taifid

- Bhí coimeád taifead go soiléir sna scoileanna go léir ar tugadh cuairt orthu.
- Bhí deiseanna ag comhalta an FTG casadh le chéile mar FTG agus le *Droichead* a phlé; sa chás go raibh an MN rannpháirteach sna cruinnithe seo, go ginearálta, roinneadh na miontuairiscí leis an MN'nna.
- Áirítear ar thaifid a coinníodh, caighdeáin agus critéar *Droichead*, amlínte, miontuairiscí cruinnithe an FTG, taifid réamh-bhreathnóireachta agus iar-bhreathnóireachta agus ríomhphoist chlárúcháin *Droichead*.
- Fuarthas amach go raibh teimpléid an CNIM úsáideach i ngach cás agus tá glactha leo ag go leor scoileanna agus iad curtha in oiriúint acu dá riachtanais féin.
- Bhí scoileanna ar an eolas maidir le saincheisteanna príobháideachais agus rúndachta a bhaineann le *Droichead* agus leis na MN'nna agus bhí córais ar líne curtha i bhfeidhm ag líon beag scoileanna ar mhaithe le coimeád taifid.

5.11 Forbairt Ghairmiúil Bhreise do MN'nna

- Le linn atriallta a ndearna an próiseas DCD seo scrúdú orthu, áiríodh ar shamhlacha forbartha gairmiúla breise, go bhfreastalódh na MN'nna ar cheardlanna agus cnuaschruinnithe.
- Cé go raibh formhór na MN'nna den tuairim go raibh na cnuaschruinnithe úsáideach, rinneadh cáineadh orthu freisin.
- Tháinig údair imní chun cinn maidir le suíomh agus inrochtaineacht na gcnuaschruinnithe, an chur chuige nach bhfuil solúbtha i leith na poncúlachta agus ábhar na gcnuaschruinnithe. Go háirithe, bhí go leor den tuairim gur athdhéanamh ar an Oideachas Tosaigh Múinteoireachta a bhí san ábhar.
- Bhíothas den tuairim go raibh Cruinniú Tuismitheoirí agus Múinteoirí agus Pleanáil thar a bheith úsáideach ach go raibh gá leis an sceidealú a athrú lena chur in oiriúint d'amlíne na scoile.
- Ba mhaith leis an FTG eolas a chur ar fáil dóibh maidir le hábhar/clár oibre na gcnuaschruinnithe roimh chruinnithe.
- Bhí deiseanna le teagmháil a dhéanamh le piaraí agus le freagraí a fháil ar cheisteanna ar na gnéithe ba luachmháire de na cnuaschruinnithe de réir na MN'nna.

6 Moltaí

Admhaíonn an Painéal na príomh-mholtaí ó Thuarascáil DCD na bliana 2016 agus tá na moltaí seo a leanas á ndéanamh acu:

6.1 Rannpháirtíocht an Phríomhoide ar an FTG

- Tá tacaíocht agus tuiscint an phríomhoide ar *Droichead* lárnach ó thaobh a rathúlacht sna scoileanna. Tá rannpháirtíocht leanúnach chomhalta d'fhoireann ardbhainistíochta na scoile ar an FTG ríthábhachtach don phróiseas. Ba chóir go leanfadh na príomhoidí le ról ceannaireachta a bheith acu i *Droichead* beag beann cibé a roghnaíonn siad a bheith ina gcomhaltaí den FTG nó nach roghnaíonn

6.2 Roghnú agus róil an FTG

- Leanann scoileanna le FTG a bhunú le cur in oiriúint do riachtanais na scoile ar aon dul leis an ábhar tacaíochta atá ar fáil agus polasaí *Droichead* na Comhairle Múinteoireachta.
- Tá modh aitheantais dóibh siúd atá rannpháirteach sa FTG, lena n-áirítear, rannpháirtíocht na Comhairle Múinteoireachta, inmhianaithe nuair a thógtar san áireamh an t-am breise agus an iarracht shuntasach atá i gceist.

6.3 Ionchais *Droichead*

- Leanann scoileanna le soiléiriú a dhéanamh ar ionchais *Droichead* (amlínte, róil) ag tús gach aon phróiseas *Droichead* sa scoil agus go mbeadh an FTG i dteagmháil leo leis na tacaíochtaí go léir atá ar fáil.
- Ba chóir Tacaíocht Scoile lomlán do *Droichead* a spreagadh agus a chothú.
- Sa chás é sin a bheith indéanta ba chóir creat ama do shíneadh a chur le próiseas *Droichead* a bheith san áireamh le ham breise a éascú don MN sa chás gá a bheith leis sin.

6.4 Critéar/Caighdeáin *Droichead*

- Téann an FTG siar ar Chaighdeáin scoile *Droichead* ar bhonn rialta leis an bpróiseas a threorú agus lena gcur in oiriúint do chomhthéacs na scoile.
- Ba chóir go gcuirfí ar chumas an MN trí úsáid a bhaint as Caighdeáin agus as Critéar *Droichead* a gcuid riachtanais foghlama féin a aithint le tacaíocht agus le treoir ón FTG.

6.5 Oiliúint agus Tacaíochtaí *Droichead*

- Tá oiliúint bhreise an FTG ag teacht le riachtanas na scoile.
- San athbhreithniú ar oiliúint an FTG, ba chóir tuilleadh ionchuir sna réimsí seo a leanas a bhreithniú; comhráite dúshlánacha a bhainistiú, caighdeáin agus critéar *Droichead*, úsáid am saor do *Droichead*, doiciméadacht/riachtanais *Droichead* agus Taisce.
- Ba chóir an oiliúint go léir do *Droichead* a choinneáil chomh háitiúil agus is féidir don lucht freastail.
- Cruinnithe athnuachana rialta do chomhaltaí an FTG.
- Oiliúint agus ábhair thacaíochta *Droichead* le bheith ar fáil i nGaeilge.

6.6 Am saor

- Ba chóir cothabháil a dhéanamh ar sholúbthacht leithdháileadh am saor ag leibhéal iar-bhunscoile ionas go mbeidh ar chumas scoileanna cinneadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr lena chur in oiriúint dá gcomhthéacs sonracha. Ba chóir samhlacha solúbtha am saor ag leibhéal bunscoile a fhiosrú.
- Ba chóir do scoileanna gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil úsáid á bhaint as am saor seachas a bheith ag brath ar é a dhéanamh ar bhonn deonach.

6.7 Breathnóireacht

- Ba chóir do scoileanna iarracht a dhéanamh le deis a thabhairt do MN'nna atá rannpháirteach i *Droichead* i socrúchán SEN Bunscoile taithí a fháil ar theagasc na Gaeilge agus ar theagasc ranga príomhshrutha mar chuid de phróiseas *Droichead*.

6.8 Taisce

- San athbhreithniú ar oiliúint, ba chóir breithniú a dhéanamh ar sholáthar soiléireachta níos fearr maidir le Taisce.
- Tugann an Chomhairle Mhúinteoireachta, ina hathbhreithniú ar ITÉ, an t-aitheantas cuí don tábhacht a bhaineann leis na naisc idir Oideachas Tosaigh Múinteoireachta agus Ionduchtúchán.

6.9 Forbairt Ghairmiúil Bhreise do MN'nna

- Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach na gcnuaschruinnithe maidir le hábhar, tráthúlacht agus inrochtaineacht.

Aguisíní

Aguisín 1: Comhaltas Phainéal an DCD

Ciarán Flynn Cathaoirleach

D'fhreastail Ciarán Flynn, iar-mhúinteoir agus Príomhoide Iar-bhunscoile, ar an gComhairle Mhúinteoireachta ar ainmniúchán bainistíochta dara leibhéal. Bhí Ciarán inar Ard-Rúnaí ar Chumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha (CSPS), ag cur comhairle agus ag tabhairt tacaíochta do Bhoird Bainistíochta agus do Phríomhoidí ar feadh ocht mbliana. Bhí Ciarán ina Chathaoirleach ar Sholáthar Oideachais Mhúinteoirí in Éirinn: Grúpa Oibre Teicniúil a thuiriscigh don Chomhairle Mhúinteoireachta agus don Aire Oideachais agus Scileanna i mí na Samhna 2015.

Bhí Ciarán, a bhfuil Céim Mháistir sa Bhainistíocht Oideachais aige, i mbun léachtóireachta ar M.Sc. in Oiliúint agus i mBainistíocht Oideachais in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. D'oibrigh sé leis an bhFoireann um Fhorbairt Ceannaireachta Náisiúnta do Scoileanna, ag tabhairt tacaíochta do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Tánaisteacha nuacheaptha ar fud na tíre.

Mar Chomhairleoir Oideachais, d'oibrigh Ciarán le scoileanna aonair, le comhlachtaí náisiúnta oideachais i dtabhairt faoi imscrúduithe, agus ag tabhairt tacaíochta do agus ag cur forbairt ghairmiúil chun cinn. Tá obair déanta aige freisin don Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá sé ina Chathaoirleach ar an mBord Bainistíochta i dtrí scoil i gceantar Laighean agus tá sé ina Chathaoirleach faoi láthair ar Bhord Iontaobhais Scoileanna le Chéile.

Margaret Dunning

Tá Margaret Dunning ina Roinnchigire Bunscoile sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugann sí faoi mheastóireacht scoile iomlán agus faoi mheastóireacht ar obair na MN'nna mar pháirt dá próiseas promhaidh mar chuid dá cuid oibre. Tá sí ceaptha faoi láthair san Oideachas Múinteoirí d'Aonad na hÉireann laistigh den Fhoireann Cigireachta, áit a bhfuil sí ina comhordaitheoir náisiúnta ar an bpróiseas promhaidh. Bíonn sí ag comhoibriú go dlúth leis an gComhairle Mhúinteoireachta ó thaobh na hoibre seo.

Elaine Collins

Is cigire iar-bhunscoile sa Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) in Éirinn í Elaine Collins. Thug sí faoi mheastóireacht scoile iomlán agus faoi chigireacht ábhair sa Cheol mar chuid dá cuid oibre leis an bhFoireann Cigireachta. Tá Elaine ceaptha faoi láthair san Oideachas Múinteoirí in Aonad na hÉireann laistigh den Fhoireann Cigireachta, bhí sí ag feidhmiú roimhe seo i Rannóg Oiliúna Múinteora na Roinne.

Seamus Knox

Is cigire iar-bhunscoile sa Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) in Éirinn é Seamus Knox. Baineann a fhreagracht phríomhúil leis an réimse forbartha polasaí a bhaineann le Matamaitic agus le hoideachas múinteoirí. Tá spéis faoi leith ag Seamus i réiteach fadhbanna ó thaobh idirghabháil maidir le seachadadh a dhéanamh ar churaclam na matamaitice agus i ról ICT ó thaobh tacú leis an obair seo.

Bhí Seamus gníomhach i bhforbairt agus i bhfeidhmiú Tionscadal Mata, arbh ionann é agus athrú ó bhonn ar an mbealach ina ndéantar matamaitic a theagasc ag leibhéal na hiar-bhunscoile in Éirinn. Bhí sé ina Phríomhoide Scoile agus ina Chomhordaitheoir Náisiúnta ar Thionscadal Comhtháite na Scoileanna mar chuid den Schools IT 2000 – clár náisiúnta le húsáid ICT i nuálaíocht san oideachas a chur chun cinn.

Tracie Tobin

Toghadh Tracie Tobin ar an gComhairle Mhúinteoireachta d'earnáil bunscoile na Mumhan sa bhliain 2016. Tá Tracie, atá ina cónaí sa Phairtín, Co. an Chláir, ina príomhoide ar Scoil Naíonán Naomh Micheál i gCathair Luimnigh. Is céimí í Tracie de chuid Choláiste Mhuire gan Smál, áit ar bronnadh B. Ed (Onóracha), Grad. Dip. SEN agus an M. Ed (SEN) (Onóracha uirthi. Tá Tracie ina comhalta gníomhach de chuid Chumann Múinteoirí Éireann agus déanann sí ionadaíocht ar mhúinteoirí ó Luimneach agus ó Chiarraí ar an gCoiste Comhionannais Náisiúnta.

Elizabeth Cooney

Toghadh Elizabeth Cooney ar an gComhairle Mhúinteoireachta d'earnáil dheonach Iar-bhunscoile Chonnacht/Mumhan/Uladh. Tá Elizabeth, atá ina cónaí i gContae Laoise, ina múinteoir Fraincise agus Staire in Acadamh Naomh Muire CBS, Ceatharlach. Is céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad í Elizabeth agus Iarrthóir PhD in Ollscoil Luimnigh, áit a bhfuil sí ag déanamh taighde ar thaithí múinteoirí san fhoghlaim ionghairme. Tá sí ina comhalta de Chumann na

Meánmhúinteoirí agus bhí sí ina comhalta den Choiste Comhionannais Náisiúnta.

Niall Duddy

Toghadh Niall Duddy ar an gComhairle Mhúinteoireachta do thoghcheantar deonach (iar-bhunscoile) Chonnacht/Mumhan/Uladh. Is múinteoir matamaitice é Niall i gColáiste na Toirbhirte, Baile Átha an Rí, Contae na Gaillimhe. Bhí Niall ag múineadh/ag léachtóireacht sa mhatamaitic roimhe seo in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus i gColáiste Ósta na Sionainne agus tá B. Sc. (Matamaitic) agus Ard-Diplóma Oideachais ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus M. Sc. (Cripteagrafaíocht) ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh aige. Tá Niall mar chomhalta gníomhach de Chumann na Meánmhúinteoirí agus faoi láthair tá sé ina rúnaí craoibhe ar chumann na Gaillimhe.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Block A, Maynooth Business Campus,
Maynooth, Co. Kildare, W23 Y7X0, Ireland

Lo-Call 1890 224 224

Telephone +353 1 651 7900

Facsimile +353 1 651 7901

Email info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie